

# ❁ An Lúibín ❁

20 Samhain 2007

## Teangacha i bpráinn

*The great debate goes on: English-speaking Australians of the future will need fluency in other languages, yet our schools are rarely able to provide it.*

*Teangacha i bPráinn:* sin teideal an pháipéir a chuir scata saineolaithe teanga ó na hollscoileanna is mó clú san Astráil amach i Mí an Mheithimh. Chuir sé síos ar an easpa ratha atá ar mhúineadh teangacha i scoileanna na tíre seo.

Deir siad, in éineacht le Comhairle Eagraíochtaí na Scoileanna Stáit agus le Cumann Tráchtála na hAstráile, gur cóir teanga iasachta a dhéanamh éigeantach ó thús scoile. Ar na buntáistí atá á lua leis seo, tá an chaoi a neartaíonn teanga nua cumas na ndaltaí in ábhair eile – léamh agus scríobh an Bhéarla, mar shampla. Mar sin atá an scéal sna gaelscoileanna, mar shampla, de réir taighde atá le foilsiú ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Maidir leis an teanga nua féin, dá óige dá dtosaítear á foghlaim is ea is fearr. Aithnítear go mbíonn líofacht cainteora dúchais ag an té a fhoghlaimíonn teanga eile roimh aois seacht mbliana, agus go mbíonn líofacht iontach go fiú ag an té a fhoghlaimíonn teanga roimh aois deich mbliana.

Sa bhliain 1997 rinne Rialtas Stáit Victoria triail: chuir siad Tionscnamh na Scoileanna Dátheangacha ar bun. Dá bhrí sin tá cláir dhátheangacha ag aon bhunscoil déag agus ag dhá mheánscoil. Is gearr ó d'fhoilsigh an *Education Age* alt faoi dhá bhunscoil ar leith, Seapáinis á múineadh ag ceann acu agus Fraincis ag an gceann eile. Tá ag éirí thar barr leo. Príomhoide na scoile mar a bhfuil Fraincis á múineadh, dúirt sí go raibh líofacht na bpáistí 'dochreidte'.

Conas a dhéantar é? I scoil na Fraincise tá beirt mhúinteoirí ag gach rang: múineann Béarlóir léamh agus scríobh an Bhéarla agus baineann múinteoir eile feidhm as Fraincis amháin chun matamaitic agus an teanga féin a mhúineadh. Múintear eolaíocht trí Fhraincis freisin. As an 25 uair an chloig a dhlitear don fhoghlaim, tá naoi uair an chloig i bhFraincis.

Tá dhá bhuntáiste ag na scoileanna seo: tá fáil acu ar mhúinteoirí dátheangacha agus tá faille ag na daltaí ar an teanga a úsáid i rith an lae. I gcás na Fraincise, tá an teanga á múineadh ag bunáite na meánscoileanna sa cheantar sin freisin.

Tá malairt tuairime ag Cumann Príomhoidí Bunscoile na hAstráile: ceapann siad go bhfuil an iomarca ábhar ann, nach bhfuil na háiseanna ann agus gurbh fhearr do na daltaí dul chun cinn sna hábhair 'bhunúsacha' sula ligfí dóibh teanga a fhoghlaim. Ní chuireann an argóint seo san áireamh gur féidir cuid de na hábhair úd á múineadh sa teanga nua, rud a fhágann go bhfuil an teanga agus na hábhair fite fuaite ina chéile. Modh oibre é a bhfuil rath air i gcúrsaí léinn.

Aithníonn cách gurb é an fhadhb is mó múinteoirí dátheangacha a bheith chomh gann sin, fadhb nach gcuirfeadh ionadh ar Éireannaigh atá ag iarraidh an ghaelscolaíocht a chur chun cinn. San Astráil caithfidh daltaí teanga a fhoghlaim i dtír Stát cheana – Victoria, an Astráil Theas agus an Astráil Thiar. Ach go dtí seo níor shíl Astrálaigh i gcoitinne gur ghá dóibh teanga eile a thabhairt leo, agus tá a rian sin ar a laghad daltaí a fhágann an scoil agus teanga eile ar a dtail acu.

Anois tá diantaghde á dhéanamh ar na bealaí is fearr chun teangacha iasachta agus teangacha bundúchasacha a neartú sna scoileanna. Idir an dá linn, i dtír atá breac le teangacha a tugadh thar tír isteach, tá ár bhformhór sásta le Béarla amháin.



### **Achainí**

*A petition against the early teaching of English in gaelscoileanna.*

Tá achainí ar fáil ag an nasc thíos i gcoinne ‘buile marfach don ghaelscolaíocht’ an Aire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin. Tá an scéal seo pléite ag *An Lúibín* féin, agus an oiread sin achrainn ag leanúint chinneadh an Aire go gcuirfí daltaí sna gaelscoileanna ag foghlaim Béarla ón gcéad rang ar aghaidh:

[http://www.petitiononline.com/mod\\_perl/signed.cgi?Tumoid&51](http://www.petitiononline.com/mod_perl/signed.cgi?Tumoid&51)

Breis eolais: [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) agus [www.rogha.org](http://www.rogha.org).



### **Pleananna gan dúil iontu**

*Questions are being asked again in Ireland about the money spent on translating local government documents into Irish.*

Tá pleananna forbartha na n-údarás áitiúil in Éirinn á n-aistriú go Gaeilge i ndiaidh a chéile, de de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá roinnt pleananna aistrithe cheana ag comhairlí éigin agus gearán á dhéanamh faoin gcostas a ghabhann leo. Dúirt Comhairle Cho Chorcaí gur chaith siad beagnach €90,000 ag aistriú pleananna áitiúla; chaith Co Chill Choinnigh €7,707 ar an obair chéanna agus chaith Co Phort Láirge €26,000 ar leagan Gaeilge de phlean forbartha contae.

Tá daoine áirithe á fhógairt nach bhfuil éileamh ar bith ar na cáipéisí aistrithe; tá malairt scéil ag daoine eile. I nGaillimh, más fíor, tá bunadh na háite ag baint an dorais dá chéile ag iarraidh cóipeanna Gaeilge de phlean forbartha an chontae. Is ann, ar ndóigh, atá na Gaeltachtaí is láidre. Dúirt oifigeach Gaeilge an chontae go mbíonn costas mór ag gabháil leis na pleananna ar aon chuma, beag beann ar chúrsaí teanga.

Ba bheag an mhoill ar an *Irish Examiner* an scéal a phlé:

Tá tábhacht leis an nGaeilge, ach is mór an diomailt airgid tuarascálacha a chur amach agus gan éileamh ag duine ar bith orthu. Níl aon amhras ná go neartóidh seo argóintí naimhde na hAthbheochana.

Beartaíodh seifteanna cliste cheana chun suim na ndaoine a mhúscailt sa teanga. Ní féidir nach bhfuil lucht a mbeartaithe in ann modhanna praiticiúla a cheapadh chun daoine a mhealladh chun na Gaeilge arís.

Ach chuir Comhairle Phort Láirge in iúl do *Lá Nua* gur tugadh 7,937 cuairt ar an suíomh a raibh leaganacha Gaeilge de phleananna forbartha le fáil ann. Dúirt siad freisin nár caitheadh ar an aistriúchán féin ach €13,000 agus gur bhain fuilleach an €26,000 le costas clódóireachta. Tá an tAire Gaeltachta ar aon intinn leo: rinne sé tagairt sa Dáil do thuairisc nuachtáin a dúirt gur íoslódáil 3,667 duine leagan Gaeilge de na pleananna áitiúla i gContae Chorcaí.

Deir mórán gur seirbhís phoiblí é leaganacha Gaeilge a sholáthar, bíodh an costas beag nó mór; ní laghdaíonn seo inní na ndaoine atá ag cur ina choinne. Leanfaidh na hargóintí go ceann i bhfad idir an dream a fheiceann airgead á chur sa dul amú agus an dream arbh fearr leo cloí le prionsabal: argóintí a bhaineann le conspóid níos doimhne faoi fheidhmiú na Gaeilge in Éirinn an Bhéarla.

## **Ardléinn Pholannach**

*An Irish university is a week-end host to a Polish college.*

Déantar ollscoil Pholannach d'Ollscoil Chathrach Bhaile Átha Cliath gach dara deireadh seachtaine. Tugtar léachtóirí isteach ón bPolainn faoi choimirce an Choláiste Riaracháin Áitiúil, coláiste príobháideach i gCúige Mhasóivia, chun mic léinn ón bPolainn a mhúineadh ina dteanga féin. Comhartha agus toradh suntasach is ea é seo ar a bhfuil de Pholannaigh óga ag obair in Éirinn faoi láthair, agus ar an ngreim atá faighte ag an Eoraip ar Éirinn.

Is féidir céim ealaíon a fháil tar éis staidéar a dhéanamh ar feadh trí bliana. Ábhair gheilleagracha is mó atá i gceist, agus is é an Coláiste féin a bhronnann na céimeanna. Is féidir leis na mic léinn MA a dhéanamh ina dhiaidh sin in aon fhoras tríú leibhéal san Eoraip, de réir chomhaontú Bholóine. Cé go gcuirtear béim ar chúrsaí geilleagair agus airgeadais tá ábhair nach iad le fáil - an dlí, an mhataimic, an fhealsúnacht, stair na hÉireann agus eile.

Tháinig na mílte Polannach chun na hÉireann agus imeoidh na mílte arís, cuid acu agus breis léinn acu, agus pingíní breise ina bpócaí acu go léir. Is cosúil na Polannaigh leis na hÉireannaigh ar a lán slite – dhá phobal Chaitliceacha (nó iarChaitliceacha) a d'fhulaing fearg agus saint na gcomharsan leis na blianta fada agus a bhain neamhspleáchas amach arís. Ach ná cuirimis róbhéim ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí lán chomh suntasach leo, go háirithe an greim a choinnigh na Polannaigh ar a dteanga féin d'ainneoin an diabhair. B'fhéidir nach mbeadh na hÉireannaigh róthoilteanach an taobh sin den scéal a scrúdú.



## **Gaeilge á bá**

*English-speaking incomers are eroding the traditional Gaeltacht.*

Is gearr ó bhí *An Lúibín* ag caint le cainteoir dúchais ón gCeathrú Rua, fear óg a raibh Gaeilge ar a thoil aige. Dúirt sé, mar a deir mórán, gur mhór an baol don teanga an oiread sin Béarlóirí a bheith ag cur fúthu sa cheantar.

Dealraíonn sé go bhfuil an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar aon intinn leis. Is gearr ó chuir an Roinn tuarascáil amach a deir gur iomaí cúis atá le teacht an dreama nua: fáil a bheith acu ar phostanna, iad a bheith gar do bhailte móra rathúla, áilleacht na radharc agus eile. Níl Gaeilge ar a dtail ag mórán acu, agus níl ag formhór na dtuismitheoirí óga ach Béarla, rud a fhágfaidh lorg ar chumas teanga na nglún atá le teacht.

Moltar go ndéanfaí áitriú daoine a 'bhainistiú' chun nach ndéanfaí dochar don teanga. Duine den dream a scríobh an tuarascáil, Seosamh Mac Donnacha, dúirt sé le *Lá Nua* go bhfuil mórán cainteoirí dúchais ag teacht abhaile agus a gclann á dtógáil le Béarla acu. Má chastar cainteoirí dúchais óga ar a chéile in áit a mbíonn Gaeilge coitianta is mó an seans go dtógfaidh siad a gclann le Gaeilge, ach tá an fhaill sin ag dul i laghad i gcónaí. Deir an tuarascáil gur le Gaeilge amháin nó le Gaeilge go mórmhór a tógadh 53% den aos óg sna ceantair láidre Ghaeltachta, ach nach labhraíonn ach 24% díobh lena gcairde í formhór an ama.

Dúirt Mac Donnacha gurb é is tábhachtaí oideachas lán-Ghaeilge a bheith ar fáil do dhaoine atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Dúirt sé freisin go mbíonn an teanga ar a dtail ag formhór na ndaoine óga ag fágáil na scoile dóibh, ach gurb annamh a labhraíonn siad eatarthu féin í – rud atá bunoscionn, ar shlí, leis an éifeacht a luaitear leis an oideachas lán-Ghaeilge. Má tá Gaeilge ag daoine agus go roghnaíonn siad gan í a úsáid, léiríonn sin aigne ar deacair í a athrú anois.



*Learn Old Norse or Old Irish in intensive weekend courses in December at the University of Melbourne: <http://www.vikingstudies.com/MediLanguage/index.html>. You will also explore the cultures in which these languages lived. No prior knowledge required.*

Beidh dianchúrsa sean-Lochlainnise ar siúl ag Ollcoil Mhelbourne ar 1-2 Nollaig 2007. Beidh dianchúrsa sean-Ghaeilge ar siúl beagán níos déanaí – ar 8-9 Nollaig 2007. Tosóidh na ranganna ag 10.30 Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh.

Táillí:

Cúrsa amháin Mic léinn lán-aimseartha \$100, daoine eile \$170  
An dá chúrsa Mic léinn lán-aimseartha \$180, daoine eile \$306

Tá foirm chláráithe agus eolas faoi na téacsanna ar fáil ag:  
<http://www.vikingstudies.com/MediLanguage/index.html>.

Chomh maith leis sin, tá siompóisiam le bheith ann ag Ollscoil Mhelbourne ar 24 Samhain 2007: ‘The Vikings and their Enemies’. Breis eolais ar fáil ag <http://www.vikingstudies.com/Enemies/index.html>



### **Cathair faoi léigear**

*In 1949 the city of Beijing was taken peacefully by Mao Zedong. It was an arrangement brokered by the city’s scholars, forerunners of China’s present generation of liberal intellectuals. The controversial journalist Dai Qing, who recently visited Melbourne, has shown how they were then betrayed.*

I Mí an Mheithimh, 1966, i dtús na Réabhlóide Cultúrtha, chreach na Gardaí Dearga tithe ar fud Beijing. Bhí Zhang Dongsun, fealsúnaí agus iarghníomhaí polaitiúil, ar na daoine a ndeachaigh siad sa tóir orthu.

Mar seo, tamall ó shin i Melbourne, a thosaigh an t-iriseoir Síneach Dai Qing léacht ar an ngrúpa scoláirí ar éirigh leo teacht idir na Cumannaigh agus na Náisiúnaigh sa bhliain 1949 chun Beijing a shábháil. Bhí súil ag na scoláirí go mbeadh meas ag an rialtas nua orthu: ní raibh ciall cheannaithe fós acu. Scríobh siad dánta i stíl thraidisiúnta faoin scéal i lámhscríbhinn dar teideal *Cathair faoi Léigear*. Ar éigean a tháinig sí slán ó fhearg na nGardaí.

Duine suimiúil is ea Dai Qing. Admhaíonn sí go raibh an phribhléid as broinn léi: bean a tógadh i measc lucht ceannais na Síne. Ach chuaigh sí bealach eile. Tar éis na Réabhlóide Cultúrtha thosaigh sí ag obair mar iriseoir, ag scríobh go géar neamhspleách faoi chúrsaí sóisialta agus timpeallachta. Chuir sí i gcoinne dhamba mór na dTrí Altán ó thús, agus fíoraíodh a tuairimí le déanaí nuair a d’admhaigh na húdaráis gur thubaiste é. Sacadh i bpríosún í tar éis marú mór Chearnóg Tiananmen. Anois saothraíonn sí a beatha ag foilsiú píosaí thar sáile; tá cosc ar an gcuid is mó dá leabhair sa bhaile.

Tá meon neamhspleách aici, caidéis a ceirde aici agus suim mhór aici i stair chomhaimseartha a tíre. Faoi láthair tá comhaltacht aici in Ollscoil Náisiúnta na hAstráile, agus í ag scríobh leabhair faoin gcaidreamh atá idir deachtóireachtaí agus intleachtóirí liobrálacha. Sin téama na léachta freisin.

Sna blianta 1948 agus 1949 tharla an chuid is déine de chogadh na gcarad idir Páirtí Cumannach na Síne agus na Náisiúnaithe: idir Mao Zedong agus Chiang Kai-Shek. Bhí an phríomhchathair le gabháil: Beijing (‘príomhchair an tuaiscirt’), áit ar thug na Náisiúnaithe Beiping (‘an tuaisceart síothaithe’) uirthi sa bhliain 1928. Nuair a d’imshuigh na Cumannaigh í ba léir do gach duine go raibh cuma nua ag teacht ar an scéal, agus tháinig na ginearáil Náisiúnacha chun caidirne le Mao.

Bhí Li Jishen ar na ceannairí ba shuntasáí: fear a bhí mór le Chiang tráth agus a chuaigh ina choinne tar éis dhíomua na Seapánach. Mhol sé go gcuirfí comhrialtas ar bun a rachadh i gceannas ar an Arm agus go ndéanfaí stát neamhspleách den Tuaisceart; tháinig ceannaire Náisiúnach Beijing féin leis. Rinne Mao caint sheachantach agus é ag cruinniú a nirt lasmuigh den chathair. Bhí intleachtóirí áirithe ag cuidiú leis na caibidlí, agus ba é Zhang Dongsun féin a chuaigh siar agus aniar idir an dá thaobh. Faoi dheireadh thoiligh na Naisiúnaithe leis an gcathair a thréigean; siúd ó dheas faoi dheifir iad agus ghabh na Cumannaigh Beijing gan aon duine a mharú.

Bhí áthas ar na hintleachtóirí, agus muinín acu i ngealltanas an rialtais nua go mbeadh preas gan bhac ann agus sairse creidimh. Gealltanas é a tugadh go macánta, b'fhéidir, ach níor comhlíonadh é. Is dian an bhreith a thugann Dai Qing:

Is léir óna ndúradh cheana gur bhain Mao tairbhe as 'fuascailt shíochánta' Beiping chun uisce faoi thalamh a dhéanamh agus breis ama a bhaint amach don Arm Cumannach. Rinne sé é seo trí theacht i dtír ar bhrabúsaíocht pholaitiúil an 'tríú fórsa' Síneach (sin é, na páirtithe daonlathacha). Bhain sé buntáiste as an bhfonn as cuimse a bhí ar lucht léinn agus cultúir an chathair ársa a chaomhnú go hiomlán. Ba chuma cén fuadar a bhí fúthu, is amhlaidh a bhí na hintleachtóirí faoi chaimpirín ag na polaiteoirí agus na saighdiúirí. D'fhéadfaí feidhm a bhaint astu nó iad a fhágáil ar lár de réir an scéil. Is mór an t-ábhar machnaimh é go raibh a fhios ag dúnmharfóirí an dá thaobh go cruinn cad a bhí ar siúl ach nár thuig na hintleachtóirí ag an am ná go fiú i mblianta tosaigh Phoblacht na Síne go raibh buntáiste á bhreith orthu.


Tar éis na bliana 1950 ba dheacair a rá go raibh aon rud ar siúl nó mórán á chumadh ag na scríbhneoirí a rinne an scrolla úd ar thosaigh mé leis. An rialtas ar thaobhaigh siad chomh díograiseach sin leis bhrúigh sé i leataobh iad, rialtas a d'fháiltigh rompu isteach chomh teochroíoch sin go ndearna siad iarracht dul i mbun oibre dó. Ba chóir dúinn a fhiafraí arbh éigean don scéal a bheith mar sin.

Is léir, mar sin féin, go raibh meas tuillte ag na scoláirí sin de réir a gcáilíochta féin. Ba bhreá leo an léann agus bhí siad dílis do dhúchas seanda a dtíre i saol ansocair corraithe. Luaigh Dai Qing roinnt acu, agus an bheirt seo thíos san áireamh.

Duine de shliocht feidhmeannach impiriúil ba ea Deng Zhicheng: léachtóir staire, fear a raibh an t-uafás léite aige agus a scríobh 'prós glan ealaíonta clasaiceach'. Bhailigh sé mórán leabhar neamhchoitianta le haghaidh taighde; ansin bhronn sé ar dhaoine eile iad. Thaitin sé go mór leis na mic léinn. Fuair sé bás i ndúluachair na bliana 1960, bliain ghorta. Is beag duine a bhí ar an tórramh.

Bhí muintir Zhang Boju saibhir agus bhí sé ar an mbailitheoir ealaíne ba mhó cáil sa tSín. Fuair sé féin agus a bhean chéile saothair nach bhfuil a leithéidí eile le fáil; bhronn siad cuid díobh ar an rialtas nua agus dhiúltaigh siad íocaíocht a ghlacadh. Sa bhliain 1966 tháinig na Gardaí Dearga agus rinne luaithreach de rudaí sárлуachmhara i mbailiúchán Zhang. Rinne sé agóid ghéar ach lig siad thar a gcluasa í. Cuireadh Zhang, a bhean chéile agus a bpáiste as Beijing; ligeadh ar ais é in aois a sheacht mbliana is ceithre fichid, agus cailleadh é sa bhliain 1982. Faoin am sin ní raibh cuimhne air.

Cuireadh roinnt ceisteanna ar Dai Qing tar éis an léachta. Fiafraíodh di conas ar éirigh léi roinnt den eolas a bhailiú agus gan fonn ar na húdaráis an t-eolas sin a scaipeadh. D'inis sí scéal faoi chuairt a thug sí ar dhuine a raibh ábhar luachmhar aige agus gan cead aici é a athscríobh nó a thabhairt léi. Choinnigh sí nuachtán idir í féin agus an té a bhí á faire i seomra eile agus bhain feidhm as taifeadán chun an téacs a shealbhú.



**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: [colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)  
nó chun: [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)**

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to  
[colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au) or [ColinG.Ryan@ato.gov.au](mailto:ColinG.Ryan@ato.gov.au)*